

FOIRM EUT1



Ráiteas ag Iontaobhas Aonad Díolmhaithe (EUT) don Bhliain Mheasúnachta

2	0		
---	---	--	--

Féach ar an rannán Nótaí thíos sula ndéanann tú an ráiteas seo a chomhlánú.

Ba cheart an ráiteas seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais go leictreonach chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe.

Uimhir Tagartha Cánach EUT

Bí cinnte an uimhir seo a lua i ngach comhfhreagras leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Ainm an EUT

Seoladh an EUT

Ní mór duit an dearbhú seo a dhéanamh

A. Tá an dearbhú a bhfuil tagairt dó in Alt 731(5)(a)(ii) ACC 1997 déanta agam

Bhí Ní raibh

B. Tá liosta iomlán déanta amach agam ar leathanach 2 de na daoine uile a bhí ina Sealbhóirí Aonaid san EUT seo ag tráth ar bith le linn na bliana measúnachta.

C. Deimhním ar feadh m'eolais agus mo thuairime go bhfuil na sonraí uile atá tugtha ar an ráiteas seo sonraithe i gceart.

Dearbhaím ar feadh m'eolais agus mo thuairime go bhfuil na sonraí uile atá tugtha ar an bhfoirm seo sonraithe i gceart.

Síniú

Dáta

Ainm an tSínitheora

Cumas an tSínitheora*

Teileafón /
Ríomhphost

Seoladh an tSínitheora
(murab ionann agus
an seoladh thuas)

*Iontaobhaí / Riarthóir, srl.

Ainm an EUT:

**Uimhir Tagartha
Cánach EUT:**

Glanluach Sócmhainne EUT ag deireadh na bliana measúnachta.:

Sonraí na Sealbhóirí Aonaid

Ainm agus Seoladh gach duine de na Sealbhóirí Aonaid san Iontaobhas	Cineál Sealbhóir aonaid (féach Nóta 4)	Uimhir Tagartha Cánach an tSealbhora Aonaid	Sealbhaíocht Aonaid ag deireadh na bliana measúnachta	An dáta a dheonaigh na Coimisinéirí loncaim cead don Sealbhóir Aonaid

Uimhir Tagartha Cánach EUT:

**Forléargas Ginearálta ar Ghníomhaíochtaí Gnó a rinne an EUT sa bhliain mheasúnachta
(féach Nóta 5 le do thoil)**

**Sonraí faoi aon Idirbhearta Ábhartha arna ndéanamh ag an EUT sa bhliain mheasúnachta (féach
Nóta 6 le do thoil)**

**Sonraí faoi aon idirbhearta a dhéantar le daoine nasctha sa bhliain mheasúnachta (féach Nóta 7
le do thoil)**

Nótaí

Tíolacadh an Fhoirm EUT

1. De réir alt 731(5)(a)(iii) An tAcht um Chomhdhlúite Cánacha 1997 (ACC 1997), ba cheart d'iontaobhaithe EUT, nó aon duine eile atá údaraithe go cuí gníomhú thar a gceann, i leith gach bliain mheasúnachta, an ráiteas seo a chomhlánú agus a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, ar nó roimh 28 Feabhra sa bhliain i ndiaidh gach bliain mheasúnachta.
2. Foráiltear le halt 731(5)(a)(iv) ACC 1997 go bhfuil iontaobhaithe EUT faoi dhliteanas pionós €3,000 i gcás ina bhfuil mainneachtain ráiteas a chur isteach, nó ráiteas neamhiomlán nó mícheart a chur isteach, thar ceann EUT d'aon bhliain mheasúnachta.
3. Ba cheart an ráiteas seo a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe, chuig largecasesdiv@revenue.ie agus marcáilte le haghaidh aird RCM An Brainse Airgeadais & Cistí Infheistíochta. Is féidir tuilleadh treorach maidir le **M'Fhiosruithe** a fháil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim anseo.

Sonraí is gá a nochtadh

4. **Cineál Sealbhóir Aonaid**
Sa cholún seo ba cheart duit a aithint an carthanas nó scéim pinsin é an sealbhóir aonad. Sa chás gur scéim pinsin údaraithe nó rialáilte é sealbhóir an aonaid, luaigh an comhlacht údaraithe nó rialaithe. Sa chás gur carthanas cláraithe é sealbhóir an aonaid, luaigh an t-údarás cláraithe.
5. **Forléargas Ginearálta ar Ghníomhaíochtaí Gnó a rinne an EUT sa bhliain mheasúnachta**
Ba cheart don phainéal seo forbheathnú ginearálta a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an EUT chun a ioncam agus a ghnóchain a ghiniúint don bhliain mheasúnachta. Is iondúil gur leor an cur síos ar ghníomhaíocht nó straitéis infheistíochta an EUT mar atá leagtha amach sna ráitis airgeadais, réamheolaire (nó forlíonadh ábhartha). Ba cheart nochtuithe ar leith a chur san áireamh d'fhochistí ar leith ina bhfuil straitéisí ar leith ag na fo-chistí sin ón scáth-iontaobhas (nó ón Máistir). Ní gá dul isteach go mion ar idirbhearta aonair sa phainéal seo.
Mar shampla:
Sa chás go bhfuil punainne de mhaoin tráchtála Éireannach ag an EUT chun ioncam cíosa a ghiniúint, is leor "Ioncam cíosa a eascraíonn as Maoin Tráchtála na hÉireann, €2.5m" a nochtadh. Ní gá é seo a bhriseadh síos de réir maoine nó ríomh ar an ioncam a sholáthar.
6. **Sonraí faoi aon Idirbhearta Ábhartha arna ndéanamh ag an EUT sa bhliain mheasúnachta**
I gcás ina ndéanann an EUT idirbhearta amháin nó níos mó i mbliain mheasúnachta atá sách ábhartha, i gcomhthéacs na n-idirbheart sin atá freagrach as sciar suntasach d'ioncam nó de ghnóchain an EUT don bhliain mheasúnachta, ba cheart sonraí a sholáthar sa phainéal seo.
Mar shampla:
Sa chás go ndíúscaíonn an EUT roinnt maoine agus go ndéanann sé gnóthachain ar na díúscairtí, is leor de ghnáth "Gnóthachain Chaipitiúla a eascraíonn as díúscairtí maoine Éireannacha, €10m" a nochtadh sa phainéal Forléargas Ginearálta ar Ghníomhaíochtaí Gnó. Más ábhar é aon idirbheart aonair, áfach, ba cheart tuilleadh sonraí a chur ar fáil sa phainéal seo, mar shampla "Díúscairt foirgneamh oifige X, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, gnóthachan €7m".
7. **Sonraí faoi aon Idirbhearta a rinneadh le páirtithe bainteacha sa bhliain mheasúnaithe**
I gcás ina ndéanann an EUT aon idirbhearta le páirtithe a bhfuil baint acu le hiontaobhaithe nó sealbhóirí aonad an EUT, ba cheart an t-idirbheart a nochtadh ar leithligh sa phainéal seo. Ba chóir a nochtadh freisin ar tharla an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí, agus mionsonraí curtha ar fáil nuair nach raibh. Ní theastaíonn sonraí maidir le hidirbhearta amhail suibscríbhinní, dáiltí, fuascailtí, glaonna caipitil nó íocaíocht aischair infheistíochta, ach ba cheart suibscríobh nó fuascailtí reatha a nochtadh
Mar shampla:
Sa chás go ndearnadh díúscairt amháin nó níos mó do pháirtithe nasctha, ba cheart sonraí breise a sholáthar sa phainéal seo, mar shampla "123 EUT (is é sin an EUT lena mbaineann an Fhoirm seo) a dhíúscaíodh ar chothromais Éireannacha chuig XYZ EUT as a raibh gnóthachan caipitil €300,000 mar thoradh air, idirbheart ar neamhthuilleamaí. Tá an tIontaobhaí céanna ag XYZ EUT agus atá ag 123 EUT".

8. Nochtadh na Sócmhainní atá i seilbh an EUT ag deireadh na bliana measúnachta

Foráiltear sa tábla seo d'fhorléargas ginearálta ar na sócmhainní atá i seilbh an EUT ag deireadh na bliana measúnachta. Ba cheart an Cineál Sócmhainne (Maoin Tráchtála, Maoin Chónaithe, Scaireanna, srl.), an Suíomh Geografach (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Londain, Nua-Eabhrac srl.) agus an luach sócmhainne ag deireadh na bliana measúnachta a nochtadh. Sa chás go dtagann líon na sócmhainní (punainne scaireanna liostaithe Éireannacha, roinnt maoinne tráchtála, srl.) isteach sa chatagóir agus sa suíomh céanna, d'fhéadfaí iad seo a nochtadh le chéile, ní bheidh sé riachtanach gach ceann a liostáil ina n-aonar.

Samplaí:

Cineál na sócmhainne:	Suíomh Tíreolaíoch:	Luach:
Maoin Tráchtála	Páras	€3.5m
Maoin Chónaithe	Baile Átha Cliath	€5m
Scaireanna Liostaithe	Éireann	€2m
Sealbhaíocht Aonaid i Ciste Infheistíochta	Londain	€500,000

Séanadh

9. Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, lena n-áirítear comhairle dhlíthiúil. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailithe Sonraí agus Polasaí Príobháideachais

10. Bailíonn na Coimisinéirí loncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí loncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí loncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach Príobháideachas ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.